

# gaelSCOIL na gCLOCH LIATH

Nuachtlitir - Deireadh Fómhair 2021



## Frásaí d'Oíche Shamhna

Beidh cead ag na páistí feisteas Oíche Shamhna a chaitheamh ar scoil amárach.

Fanaigí slán is bíodh briseadh meán-tearma deas agaibh bainigí sult as Oíche Shamhna. Thíos anseo gheobhaidh sibh focail agus frásaí úsáideacha don séasúr.

The children may wear Halloween outfits to school tomorrow.

Stay safe, have a good mid-term break and enjoy Halloween.

Below are some useful words and phrases for the season.

Bob nó breab

Trick or treat

Tine chnámh Bonfire

Tinte ealaíne

Fireworks

Báirín breac

Barmbrack

Púca Ghost

Cailleach Witch

Vampír Vampire

Marbhán Zombie

Seachain an chailleach

Beware of the witch

Beidh mé ag gléasadh

suas mar... I will be

dressing up as...

Beidh mé gléasta mar...

I will be dressed as...

Aghaidh fídil/masc

Mask

Draíocht Magic

Tabhair aire Be careful

## Clárú do Naíonáin Shóisearacha 2022/23

Beidh clárúchán do Naíonáin Shóisearacha 2022

ar siúl

ón 1ú go dtí meánlae ar an 19 Samhain 2019.

Tá Foirmeacha Iontrála agus Polasaí Iontrála ar fáil ar [www.gscl.ie](http://www.gscl.ie) nó ón Oifig Scoile.

Próiseáilfear aon iarratais a thagann isteach i ndiaidh an dáta thuas mar iarratais déanacha, ar aon dul lenár bPolasaí Iontrála.



## Enrolment for Junior Infants 2022/23

Enrolment for Junior Infants 2022 will take place

from 1 November to midday 19 November 2021.

Enrolment Forms & Policy available at [www.gscl.ie](http://www.gscl.ie) or from the Oifig Scoile.

Any applications received after the above date will be processed as late applications, as per our Enrolment Policy.

## Comhghairdeas - Junior Eurovision Competitor

Comhghairdeas le Maiú, iar-dhalta dár gcuid atá anois ag freastal ar Choláiste Ráithín. Bhuaigh Maiú an comórtas náisiúnta de chuid Junior Eurovision a craolaíodh ar TG4 le deireanas. Beidh sé ag taisteal chuig Páras na Fraince i Mí na Nollaig ar son na hÉireann ag dul san iomaíocht sa chomórtas uile-Eorpaigh seo.

Ádh mór ort a Mhaíú, táimid ar fad ag tacú leat i nGaelscoil na gCloch Liath!



Congratulations to Maiú, one of our past-pupils who is now attending Coláiste Ráithín. Maiú recently won the national Junior Eurovision competition which was broadcast on TG4. He will now travel to Paris in December to represent Ireland in the Europe-wide competition to be held in La Seine Musicale, a 6,000 seat concert hall.

Best of luck Maiú, we are all behind you here in Gaelscoil na gCloch Liath!



## An Bord Bainistíochta

Ag cruinniú Bord Bainistíochta deineadh plé ar:

- Síntiús Deonach; Mí Aibreáin.
- Cúrsaí airgeadais na scoile.
- Tréimhse clárúchán Naí Bheaga 2022.
- Polasaí Caomhnú Páistí, Cód Iompair, Frith-Bhulaíocht.
- Cúrsaí Ceoil (iar-Chóibhid).

At a recent Board of Management Meeting the following were discussed;

- Voluntary contribution; April.
- School finances.
- Junior Infant enrolment period for 2022.
- Child Protection Policy, Code of Behaviour, Anti-Bullying
- Music matters (post-Covid).

## Coiste na dTuismitheoirí

### Cártaí Nollag *Christmas cards*

The Coiste are currently organising the Christmas Card fundraising event again this year. At this stage all of the children's artwork has been delivered to the company who will produce the cards.

We will be in touch with you after the mid-term break with the dates for ordering your cards and full details of costs. Thank you to everyone who can support this fundraising initiative.

## Clárú do na Sacraimintí 2022 Register for Sacraments 2022

Tá clárúchán ar fáil anois do na sacraimintí 2022. Más mian leat go nglacfaidh do pháiste páirt sa Chéad Chomaoineach (Rang 2) nó sa Chóineartú (Rang 6) IS GÁ clárú leis an bparóiste. Is féidir clárú tríd an nasc seo; <https://gkpastoralarea.ie/notices/registration-for-sacraments-2022/>, go dtí an 5ú Samhain. Féach ar shuíomh an pharóiste chun an nuacht is deir-eanaí a fháil; [www.gkpastoralarea.ie](http://www.gkpastoralarea.ie)

*Registration has now opened with the Greystones/Kilquade Parish for First Holy Communions (Rang 2) and Confirmations (Rang 6) for 2022. If you wish your child to participate in these sacraments you MUST register with the parish. Registration is available until November 5th through <https://gkpastoralarea.ie/notices/registration-for-sacraments-2022/>, see also the parish area website [www.gkpastoralarea.ie](http://www.gkpastoralarea.ie) to stay connected.*

## Seachtain na Matamaitice

Rinne an scoil ceiliúradh ar Sheachtain na Mata an tseachtain seo, agus bhain na páistí ar fad an-sult go deo as. Bhí idir chluichí agus comórtais le linn na seachtaine.

Míle buíochas leis na múinteoirí ar fad a d'eagraigh na himeachtaí spráioúla ar fad, ar bhealach a chloígh lenár mbeartais sábháilte Cóibhid ag an am céanna!

*The school celebrated Maths Week this week, and all the children thoroughly enjoyed themselves. We had a great mix of games, maths trails, and competitions throughout the week.*

*Huge thanks to all the teachers for all their work organising the fun activities, and still complying with our Covid safety procedures!*

